an tAontas Eorpach

An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le

Comhairleoirí Áitiúla

Líonra de chomhairleoirí áitiúla AE, ag obair le chéile chun cumarsáid a dhéanamh ar shaincheisteanna AE

Bí i do bhall den líonra

building-europe-with-local-councillors.europa.eu/index_ga

An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le

Comhairleoirí Áitiúla

Cruthaíonn an tionscadal **"An Eoraip a fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla"** líonra Eorpach de pholaiteoirí a toghadh go háitiúil atá dírithe ar chumarsáid a dhéanamh maidir leis an **Aontas Eorpach** trí chomhaontas nach bhfacthas riamh cheana idir an leibhéal rialachais Eorpach agus an leibhéal rialachais áitiúil.

Cuirfidh an tionscadal ar chumas polaiteoirí áitiúla oibriú le chéile agus faisnéis a scaipeadh mar gheall ar thopaicí AE a bhaineann le muintir a dtoghcheantair áitiúil. Cabhróidh sé freisin le rannpháirtíocht a threisiú agus cothóidh sé díospóireachtaí faoi na saincheisteanna seo agus faoi thodhchaí na hEorpa. Is é atá i gceist thar aon rud eile tacú le cruthú **réimse poiblí fíor-Eorpaigh**.

Iarrann an **Coimisiún Eorpach** ar údaráis áitiúla dul isteach sa tionscadal. Tá sé furasta. Ní gá ach an fhoirm iarratais a líonadh amach, an dearbhú ar a bhfuil síniú an chomhairleora áitiúil agus ionadaí dlí an údaráis áitiúil a uaslódáil, agus iad a chur isteach.

Tar éis iad a chlárú sa ghrúpa, rachaidh comhairleoirí áitiúla chun cainte le daoine ina dtoghcheantair féin agus/nó leis na meáin áitiúla maidir le tionscnaimh pholaitiúla ghinearálta agus maidir le bearta atá á ndéanamh ag an Aontas.

Tá an tionscadal á chur i bhfeidhm i ndlúthchomhar le **Parlaimint na hEorpa** agus **Líonra Eorpach Comhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla** Choiste na Réigiún.

Bí i do bhall den líonra

© European Union. Images © Shutterstock, 2023